POEM BY SEOIRSE O'BROIN

AN TEACH CÉILÍ

Go mbeirimíd beo ar an am sin arís. Tharla sé nuair a bhí mé seacht mbliana déag d'aois agus is beag póg a fuair mé ó na cailíní is deise gealgáirí dá bhfaca mé ariamh. Bhí mé ró-chúthaileach roimh na cailíní ag an am,ach níor chuir sin bac leis an méid aoibhnis a bhain mé as an saol i Londain i 1938.

Shílfeá sa domhan inniu ann nach raibh Éireannaigh ar bith i Londain roimh na Caogaidí. Bhail bhí go leor ann agus spiorad iontu an saol a athrú. Bhí freasúra anseo ar ndóigh, freasúra cine agus creidimh. D'fheicfeá go leor fograí faoi loistíní sna siopaí nuachtán a rá nach raibh fáilte roimh Éireannaigh.

Bhí cineál d'ádh orm le loistíní. Cuireadh suas mé in árasán baintrí, a raibh togha béilí le fáil aicí. Bhí go maith agus ní raibh go holc go dtí gur thosaigh an iníon ag suirí agus mise i láthair. Chuir sin leisce uirri agus ní raibh neart agam air óir ní raibh teas sa tseomra leapa dom chun éalú as. Déirigh sí mí-shásta leis an dul chun chinn a bhí aicí agus cuireadh fios ar m'aintín gur cheart dom imeacht as.

Sa bhrú d'fhoghlaim mé fán chéilí sa Chumann Ghaelach ag Hammersmith. Bhíodh céilí ann gach Satharn, ranganna Gaeilge agus dramaíocht.

Bhí an foirgneamh suíte idir stáisiún na bpoilíní agus proinnteach Iodáileach le muintir Cattini, ag deireadh Brook Green. Bhí halla Éireannach le damhsaí gallda ar an urlár talún, oifigí ar an dara urlár agus na Gaeil cearta ag an bharr. Chun tae a dhéanamh b'éigean dúinn uisce a thabhairt aníos on talamh agus na buachaillí a d'iompair na buicéid bhíodh cáil an nirt orthu i measc na gcailíní, go mór-mór Jack Birmingham. Ní raibh ach fáinne gáis amháin chun an tae a dhéanamh agus na cailíní ag éad le na céile a bheith pairteach ann.

Céilí ceart a bhí ann agus an fear a'tí ag scairteadh amach na ndamhsaí i nGaeilge roimh an Bhéarla:- "Ionsaí na hInse", "Pléaráca na Bandan, beirt eile anseo", Ceol anois". Bhíodh Sasanach darbh ainm Bill Rollinson ag seinm ar an phiano, Ó Súilleabháin as Corcaigh ar an fhidil, Paidí mac an Tailléara ar an fliuiteog agus a leithéid de cheol chuirfeadh sé na cait ag rince. Ba chuma mura raibh eolas an damhsa agat bhéadh foighne agus fáilte roimh an duine nua agus é go leir ar réal an oiche.

"Béidh sos againn". Ach i ndiaidh na gcupán tae bhíodh dreas rince faoi leith nó deireadh Art "Ireland divided never shall be free", cailín éigin amhrán i nGaeilge, "A Úna Bhán", nó Tomás "The Darling Girl from Clare". Anois is arís bhíodh roinnt aithrise ó Mhícheál Ó Súilleabhain mar "Trimmings of the Rosary" nó "Carmody's car".

Uair amhain bhí céilí bréagéadach ar siúl agus tháinig fear darbh ainm George Fluke isteach gléasta mar fear buí le hata cruinn agus sais fhíor-Oráisteach. Ní nach ionadh, bhí a athair 'na mhinistéir Phreisbitéireach sa Tuaisceart cé go raibh seisean báúil leis an scaifte eile. Ghoid an gléasbheart sin an chéad duais gan amhras.

Tharla go raibh feachtas poblachtach ar siúl i Londain ag an tréimhse sin, agus cuireadh cuid mhór de lucht freastail an chéilí abhaile ag saoistí an dlí anseo. Gabhadh an George céanna in Edgware Road agus cuireadh in a leith go raibh sé ag cur ábhar pléasctha sna boscaí litreach. Fuarthas cloráid potáise i bpóca a chóta de réir fianaise. Tamall roimhe sin bhí duine gaibhte as pleascán a chur ar dhroichead Hammersmith agus sheas máthair an bhuachalla sin sa chúirt ag maíomh go bhfuair an Seoirse céanna an cóta ón a mac ar iasacht de bhrí go raibh sé dí-fhostaithe. Ligeadh saor Seoirse agus díbríodh go hÉirinn é. Níor chuala mé trácht air 'na dhiaidh sin.

Scríobh Tarlach Ó hUid cúntas ar an tréimhse sin ach tá sé as cló anois. Is beag nár chuireadh mise abhaile ag an am sin cé nach raibh mé i ngluaiseacht ar bith. Ach díbríodh cairde a bhí dlúth liom.

Tháinig an cogadh ach deamhan dochair a rinne sin don chéilí. Is cuimhin liom dul ann agus na pleascáin ag titim. Níor dhún an áit sin go dtí gur cheannaigh an Garryowen an foirgneamh. Bhíodh comóradh mór Féile Padraig ag dul ar aghaidh i rith an chogaidh thuas i lár na cathrach. Chuala mé gur tháinig sluagh abhaile tríd Chearnóg Trafalgar, thosaigh siad ag déanamh rincí Gaelacha sa chearnóg agus na poilíní ag lonnrú tóirsí dóibh sa dúdhorchadas. Shíl siad ar dtús go raibh na poilíní ar tí ruaig a chur orthu ach a mhalairt ar fad, fuair siad scléip as. Ní raibh Hitler ag dul ruathar a dhéanamh ar an oíche naofa sin!

Ní amháin go raibh céilithe agus ranganna ar siúl againn ach chuamar amach faoin tuaith ar seilgeanna, ach b'éigean dúinn ceapairí a thabhairt óir bhí an chiondáil i bhféidhm.

Bhíodh sé in a "pheaca mhór" a bheith Sasanach ar dhóigh ar bith. B'fhurasta an leasainm "Seoinín" a thuilleadh as rince gallda a dhéanamh nó a bheith ag canadh amhrán gallda. B'fhéidir go raibh sin giota beag crua ach choinnigh sé na hÉireannaigh le chéile, chaomhnaigh sé an smaoineamh Gaelach, agus ní raibh urchóid sna daoine a bhain sásamh mór as.